Dearcadh an BBC dó-ghlactha: POBAL

Léirigh POBAL, scátheagras phobal na Gaeilge, míshásamh faoi dhiúltú an BBC glacadh le gearán scríofa i nGaeilge, faoi drochchleachtas an BBC maidir leis an teanga cheanna.

Bhí míshásamh nach beag ann i measc an phobal Gaelaigh le linn an toghcháin Eorpaigh ar na mallaibh nuair a d'fhógair tuairisceoir raidió an BBC, Gareth Gordon, go leanfadh sé leis ag labhairt i mBéarla a fhad is go raibh Feisire nua-tofa Bhairbre de Brún ag déanamh óráide i nGaeilge. An impleacht atá leis an ghníomh seo, ar ndóigh, nár chóir go mbeadh óráidí Gaeilge le cluinstin ag an lucht éisteachta.

Dúirt Janet Muller, príomhfheidhmeannach POBAL, 'Ta an dearcadh seo olc go leor, ach anois, tá an BBC i ndiaidh litir a chur chuig duine do na gearánaithe, ag diúltú don ghearán s'aige de bhrí go bhfuil sé scríofa i nGaeilge. Tá POBAL féin i ndiaidh dul i dteagmháil leis an cheannasaí ar Iontaobhas an BBC, Sir Michael Lyons, leis an stiúrthóir ar nuacht an BBC, Angelina Fusco agus le rannóg na ngearán ag an BBC ag cur in iúl go bhfuil siad i ndiaidh a gcuid dualgais féin a shárú faoi dhó.'

BBC has an unacceptable attitude to the Irish language: POBAL

POBAL, the umbrella organisation for the Irish speaking community has said that the BBC has doubly broken its commitments to representation of the Irish language on the airwaves. The BBC has refused to accept a complaint written in Irish about the BBC's own bad practice in relation to the same language.

Irish speakers were less than happy recently when BBC radio Ulster reporter, Gareth Gordon announced during a live broadcast from the European election count that he would continue to speak in English for as long as newly elected MEP, Bairbre de Brún was making her acceptance speech in Irish.

Janet Muller, POBAL's CEO said, 'The implication of this action, is of course that speeches in Irish by an elected representative of the European parliament, where Irish is an Official language, should not be heard by the BBC's listeners. This attitude is bad enough, but now the BBC has written to a member of the public who complained, to refuse his complaint because it is written in Irish. POBAL have contacted the head of the BBC Trust, Sir Michael Lyons, the head of BBC news, Angelina Fusco and the complaints branch of the BBC to bring to their attention the way in which the corporation has contravened the rights of Irish speakers, not once but twice.'